An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Tuarascáil Bhliantúil 2011

© NCSE 2012

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
1–2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co. na Mí

National Council for Special Education
1–2 Mill Street
Trim
Co. Meath

T: 046 948 6400
F: 046 948 6404

www.ncse.ie

Clár Ábhar

Brollach 5

Príomhéachtaí an NCSE i 2011 9

Tosaíocht Straitéiseach 1

Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a Éascú chun Oideachas Oiriúnach a fháil i Suíomh Uileghabhálach 11

Tosaíocht Straitéiseach 2

Aithint agus Deimhniú Clár Oideachais a Chur chun Cinn le haghaidh Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus Monatóireacht a dhéanamh ar Thorthaí 13

Tosaíocht Straitéiseach 3

Comhordú a Dhéanamh ar Sholáthar Tacaí chun Seachadadh Oideachas Cuimsitheach agus Éifeachtach a Chumasú le haghaidh Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 17

Tosaíocht Straitéiseach 4

Feabhas a Dhéanamh ar Sholáthar Oideachasúil le haghaidh Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu trí Thaighde agus Chomhairle Bheartais d'Ardchaighdeán 21

Tosaíocht Straitéiseach 5

Cinntiú go nDéantar an NCSE a Fhorbairt agus a Choimeád mar Eagraíocht Éifeachtach agus go n-Oibríonn sé ar Bhealach a Thagann go hIomlán lena chuid Ceanglas ó thaobh na Reachtaíochta, na Rialachán agus an Rialachais Chorparáidigh 27

Rialachas 31

AGUISÍNÍ

Aguisín 1 – Oifigí an NCSE 35

Aguisín 2 – Baill Foirne an NCSE 36

Aguisín 3 –Táblaí Staitistiúla don Bhliain 2010–11 37

Aguisín 4 –Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais 2011 41

Brollach

Déantar machnamh inár dtuarascáil bhliantúil le haghaidh 2011 ar éachtaí agus ghníomhaíochtaí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NSCE) le linn na bliana.

Bhí an bhliain 2011 an-dúshlánach don eagraíocht toisc gur chuir an Rialtais teorainn le líon na bpost um chúntóirí riachtanais speisialta (CRSanna) a bheidh ar fáil le leithdháileadh ar scoileanna, den chéad uair riamh ó tugadh isteach beartas an 'uathfhreagra' i 1999. Cé go bhfuil an Chomhairle buíoch as an tosaíocht thábhachtach a thugann an Rialtas do chúrsaí oideachais speisialta– a léirítear ag an líon mór tacaí teagaisc acmhainne agus CRS a chuirtear ar fáil – mar gheall ar an ngá le hoibriú laistigh de líon teoranta cuireadh dúshláin loighistice agus nós imeachta roimh an NCSE agus scoileanna araon. Chomh maith leis sin, cosúil leis na gníomhaireachtaí náisiúnta eile go léir, bhí ar an NSCE an líon foirne a laghdú agus ár gcuid seirbhísí do scoileanna agus thuismitheoirí a choimeád ag an am céanna.

Tá áthas orm a thuairisciú, áfach, go rabhamar in ann, tríd ár n-eagraithe riachtanais speisialta oideachais (ERSOnna), freagra a thabhairt ar iarratais ó scoileanna ar thacaíocht bhreise teagaisc acmhainne agus CRS. Ní bhíonn sé éasca riamh athrú a dhéanamh ar phróisis iarratais a bhí i bhfeidhm le fada an lá – go háirithe nuair atá os cionn 4,000 scoile agus 20,000 iarratas aonair i gceist – ach ba mhaith liom ach go háirithe aitheantas a thabhairt do scoileanna agus do na páirtithe oideachais agus buíochas a ghabháil leo as iad féin a chur in oiriúint dár gcuid riachtanas athraithe le haghaidh iarratas le linn na bliana. Is mian liom freisin a chur in iúil go bhfuilim buíoch dár gcuid ball foirne féin a d'oibrigh go dian díograiseach chun cinntiú go bhféadfadh an NCSE freagra a thabhairt ar iarratais ar thacaíocht.

Cé go ndéantar go leor oibre inár gcuid scoileanna gach lá maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, rud maith é i gcónaí machnamh a dhéanamh ar bheartais agus chleachtais reatha agus réimsí a aithint ina bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh. Foilsíodh ar gcomhairle bheartais don Aire Oideachais agus Scileanna i 2011 maidir le ról scoileanna speisialta agus ranganna speisialta sa todhchaí. Ina theannta sin, sholáthraíomar comhairle bheartais don Aire ar The Education of Deaf and Hard of Hearing Children in Ireland (a foilsíodh i 2012).

Is eol dúinn, mar gheall ar ár n-idirghníomhú laethúil le tuismitheoirí chomh maith lenár gcuid taighde, go raibh sé deacair do thuismitheoirí dea-eolas a fháil faoin gcaoi a dtacaíonn an córas oideachais le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bhí an-áthas orm go raibh an NSCE in ann Leanaí a bhfuil *Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí* a fhoilsiú i 2011 ar ár láithreán gréasáin agus i gcrua-chóip.

Tugann ár gclár leanúnach taighde an-sásamh don Chomhairle. Tá sé riachtanach go mbeadh taighde ardchaighdeáin ar fáil chun comhairle iontaofa bheartais a fhorbairt i réimse ar bith, ach i réimse an oideachais speisialta ach go háirithe áit a mbíonn riachtanais leanaí an-uathúil agus áit ar minic a mbíonn siad casta. Ba mhaith liom

moladh do gach duine a bhfuil spéis acu sa réimse seo cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin agus ár gcuid taighde a íoslódáil.

Ceapadh príomhoifigeach feidhmiúcháin nua don NCSE i 2011 chun dul in ionad Pat Curtin a chuaigh ar scor ag deireadh 2010. Bhí an-áthas ar an gComhairle Teresa Griffin a cheapadh don ról i Márta na bliana seo

Sydney Blain
Cathaoirleach na Comhairle

An Eagraíocht

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) i 2003. Tá ár gcuid feidhmeanna leagtha amach in Alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) 2004.

I measc na bhfeidhmeanna sin tá:

- soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a phleanáil, a chomhordú agus a sholáthar agus cinntiú go bhfuil soláthar oideachas speisialta ar fáil ar bhonn leanúnach
- taighde a dhéanamh
- comhairle bheartais a sholáthar don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas speisialta
- eolas, lena n-áirítear eolas faoi dhea-chleachtas, faoi oideachas speisialta a scaipeadh chuig tuismitheoirí, scoileanna agus páirtithe leasmhara eile
- dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha chun cinntiú gur féidir forbairt bheartais ag an gComhairle a threorú lena gcuid eolais agus saineolais
- athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar d'aosaigh faoi mhíchumas chun leas a bhaint as breisoideachas, ardoideachas nó oideachas leantach agus comhairle a chur ar institiúidí oideachasúla maidir le hoideachas aosach faoi mhíchumas.

Bhí 107 duine san iomlán fostaithe ag an NCSE i 2011, chun seachadadh na bhfeidhmeanna thuas a chumasú. Áirítear leis sin 85 heagraí riachtanais speisialta oideachais (ERSOnna) a bhí bunaithe i gceantair áitiúla agus a sholáthar seirbhís áitiúil do scoileanna agus thuismitheoirí..

Príomhéachtaí an NCSE i 2011

Soláthar d'Oideachas Speisialta i Scoileanna

Bhí uaireanta breise teagaisc acmhainne i bhfeidhm i scoileanna i 2011, chun teagasc forlíontach a sholáthar do níos mó ná 38,000 dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bhí poist um chúntóir riachtanais speisialta (CRS) i bhfeidhm chun tacú le riachtanais chúraim os cionn 19,000 dalta a fhreastalaíonn ar scoileanna príomhshrutha agus speisialta.

- Phróiseáil ERSOnna beagnach 15,000 iarratas ar uaireanta teagaisc breise i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.
- Phróiseáil ERSOnna os cionn 6,400 iarratas ar thacaíocht CRS i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna.
- D'oscail ERSOnna 33 rang speisialta nua i scoileanna príomhshrutha.

Taighde

Seo a leanas a rinne an NSCE i 2011:

- D'fhoilsigh sé bunachar sonraí ar ár láithreán gréasáin – www.ncse.ie – a bhfuil rochtain air ar fáil do chách agus a chuimsíonn os cionn 1,600 tagairt d'fhoilseacháin taighde nó bheartais na hÉireann maidir le hoideachas speisialta ó 2000 ar aghaidh.
- Scaip sé cuid dár gcuid torthaí lárnacha taighde ag tríú comhdháil bhliantúil thaighde an NCSE i Samhain – d'fhreastail os cionn 150 toscaire uirthi sin. Ag an gcomhdháil seoladh dhá thuarascáil taighde nua agus an Creat Cuimsitheach Oideachais, rinneadh cur i láthair faoi chomhairle bheartais an NCSE don Aire ar scoileanna agus ranganna speisialta agus bhí d'fhreastail aoi-chainteoir idirnáisiúnta ar oideachas cuimsitheach múinteora uirthi freisin.
- Foilsíodh trí thuarascáil taighde ar na hábhair seo a leanas:
  - fianaise chun tacú le daltaí a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta acu
  - leitheadúlacht riachtanais speisialta oideachais in Éirinn
  - rochtain ar an gcuraclam i measc daltaí óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Comhairle Bheartais

Seo a leanas a rinne an NSCE i 2011:

- D'fhoilsigh sé comhairle bheartais an NCSE don Aire ar *The Future Role of Special Schools and Classes in Ireland*.
- Sholáthar sé comhairle bheartais don Aire ar oideachas Leanaí Bodhra nó Lagéisteachta sa todhchaí (*The Education of Deaf and Hard of Hearing Children in Ireland,* a foilsíodh i 2012).
- D'fhoilsigh sé Leabhrán Eolais an NCSE *Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais do Thuismitheoirí*.

- D'fhoilsigh sé eolaí nua le haghaidh scoileanna um chuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leis *An Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach* tugtar uirlis idirghníomhach a fhéadann scoileanna a úsáid chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar iad a chuimsiú.

Feidhmeanna Corparáideacha

Seo a leanas a rinne an NSCE i 2011:

- Chinntigh sé go ndearnadh ár gcuid seirbhísí agus feidhmeanna tosaíochta a sheachadadh ar fud an náisiúin.
- D'oibrigh sé laistigh dár mbuiséad laghdaithe agus dár leibhéil foirne faofa.

Tosaíocht Straitéiseach 1

Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a Éascú chun Oideachas Oiriúnach a fháil i Suíomh Uileghabhálach

An Próiseas um Leithdháileadh Acmhainní 2011

Ar cheann dár gcuid ról lárnach tá cinntiú go ndéantar uaireanta teagaisc acmhainne breise agus poist CRS a leithdháileadh ar scoileanna a chláraigh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a chomhlíonann na critéir le haghaidh tacaí den sórt sin.

I mí na Nollag 2010, i bhfianaise an ghá le líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí a rialú, chinn an Rialtas teorainn a chur le líon na bpost, lena n-áirítear poist teagaisc acmhainne agus CRS, a bhí ar fail le leithdháileadh. Chiallaigh sé sin, den chéad uair riamh ó 1998, nach raibh leithdháileadh phoist teagaisc acmhainne agus CRS bunaithe ar éileamh agus go raibh sé riachtanach ansin é a láimhseáil laistigh de líon cinnte.

Cuireadh 5,500 post um múinteoir acmhainne agus 10,575 post um CRS ar fáil le leithdháileadh ar scoileanna. Bhí an líon sin post faoi réir an leibhéal acmhainní a bhí i bhfeidhm i scoileanna cheana féin go ginearálta agus tá sé in ionannas le thart ar €656 milliún den chaiteachas poiblí bliantúil.

Leagadh an-bhéim ar an tsaincheist sin ó rinneadh an cinneadh, idir tráchtaireacht phoiblí agus díriú sna meáin chumarsáide. Tá fonn láidir ar thuismitheoirí, ach go háirithe, bheith cinnte go bhféadann an NCSE leanúint ar aghaidh ag ceadú tacaí teagaisc agus/nó cúraim mar fhreagra ar riachtanais a gcuid leanaí. Leanfaidh an NCSE air ag cinntiú go ndéanfar na hacmhainní go léir atá ar fáil a leithdháileadh mar fhreagra ar riachtanas agus ar bhealach cóir, cothrom agus comhsheasmhach do na scoileanna cáilitheacha go léir. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhoilsíomar na tacaí múinteora acmhainne agus CRS arna gceadú le haghaidh gach scoile ar ár láithreán gréasáin den chéad uair riamh.

Próiseáiltear iarratais ó scoileanna ar thacaíocht múinteora acmhainne nó CRS ag an ERSO ón NCSE ina gceantar féin.

Déantar uaireanta múinteora acmhainne a leithdháileadh ar scoileanna a chláraigh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais áirithe acu. Sháraigh líon na n-iarratas le haghaidh na bliana scoile 2011-12 líon iomlán na bpost múinteora acmhainne a bhí ar fáil le leithdháileadh. Chiallaigh sé sin gur cuireadh laghdú 10 fán gcéad i bhfeidhm ar leibhéal na leithdháiltí teagaisc acmhainne arna gceadú le haghaidh scoileanna. Mar shampla, i 2010-11 leithdháileadh cúig huair an chloig breise de theagasc in aghaidh na seachtaine ar scoil a raibh dalta amháin inti a raibh deacracht thromchúiseach mhothúchánach/iompraíochta orthu. I 2011-12, ceadaíodh 4.5 uair an chloig breise in aghaidh na seachtaine don scoil.

Leithdháiltí teagaisc acmhainne	
Bliain Scoile	**Líon próiseáilte**
2010-11	14,171
2011-12	14,992

Leithdháiltear poist CRS ar bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna a chláraigh daltaí faoi mhíchumas a bhfuil riachtanais mhóra chúraim acu chomh maith.

Iarratais CRS	
Bliain Scoile	**Líon próiseáilte**
2010-11	5,644
2011-12	6,424

Tá táblaí staitistiúla faoi iarratais ar theagasc acmhainne agus CRS don bhliain acadúil 2010-11 san áireamh in Aguisín 3.

Gníomhaíochtaí acmhainne eile

Tugann an NCSE tacaíocht don Roinn Oideachais agus Scileanna chun próiseáil a dhéanamh ar iarratais ó scoileanna ar theicneolaíocht chúnta le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tugtar an tacaíocht sin freisin maidir le socruithe iompair a phróiseáil le haghaidh scoileanna speisialta agus próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar theagasc baile ó thuismitheoirí leanaí réamhscoile agus ar aois scoile a bhfuil uathachas orthu, nach bhfuil aon socrúchán oideachasúil ar fáil dóibh.

An Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach

I 2011, d'fhoilsíomar eolaí nua le haghaidh scoileanna um chuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is é atá ins *An Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach* ná uirlis le haghaidh scoileanna chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar iad a chuimsiú ina gcuid scoileanna. Soláthraíonn an Creat samplaí de dhea-chleachtas agus tá uirlisí idirghníomhacha éasca le húsáid leis a chuireann ar chumas scoileanna:

- na rudaí atá á ndéanamh go maith acu a thaispeáint
- na réimsí áit a bhfuil feabhas ag teastáil a aithint
- a gcuid leibhéil cuimsithe a rátáil
- pleananna a chur i bhfeidhm a théann i ngleic leis na réimsí a bhfuil feabhas ag teastáil iontu.

Tosaíocht Straitéiseach 2

Aithint agus Deimhniú Clár Oideachais a Chur chun Cinn le haghaidh Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus Monatóireacht a dhéanamh ar Thorthaí

Ar cheann dár gcuid ról lárnach tá torthaí oideachasúla feabhsaithe le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur chun cinn. Is trínár gcuid clár taighde agus comhairle beartais a dhéanaimid amhlaidh ach chomh maith leis sin oibrímid le gníomhaireachtaí stáit eile a bhfuil sainchúraim speisialta acu a mbíonn tionchar acu or thorthaí oideachasúla.

Ábhair churaclaim

Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) atá freagrach as comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi churaclam agus mheasúnacht le haghaidh oideachais luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile – lena n-áirítear oideachas speisialta. Gintear an chomhairle sin trí dhul i ngleic le scoileanna agus suíomhanna oideachasúla, le coistí saineolaithe agus ionadaíocha agus meithleacha oibre, agus treoraítear í ag taighde agus measúnacht.

Déantar ionadaíocht ar an NSCE ar Choiste Stiúrtha Oideachais Speisialta an NCCA. D'áirigh obair an choiste sin le linn 2011 plé ar:

- Dhréacht-treoirlínte teagaisc a eisíodh faoi na cláir fhoghlama nua Leibhéal 2, atá á bhforbairt ag an NCCA, le húsáid in iar-bhunscoileanna le haghaidh daltaí a bhfuil míchumais fhoghlama ghinearálta orthu. Scaipeadh *A report on the School Network, Level 2 Learning Programmes: Toolkit for Schools*, i Meitheamh, 2011. Sa tuarascáil sin tugtar cur síos ar obair le scoileanna mar chuid d'fhorbairt na gclár foghlama Leibhéal 2 atá luaite thuas.
- Torthaí comhairliúcháin maidir leis na moltaí nua don tSraith Shóisearach mar a dtugtar cuntas orthu in *Innovation and Identity: Ideas for a New Junior Cycle* (2010).

Trí hoibriú leis an NCCA cuirtear ar ár gcumas ról a ghlacadh i gcláir oideachasúla nua agus athbhreithnithe a fhorbairt le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Oiliúint Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá sé soiléir de réir thaighde an NCSE go bhfuil sé riachtanach go mbeadh múinteoirí eolasach faoi oideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go mbeidís oilte ann. Tá ár gcuid comhairle bheartais don Aire Oideachais agus Scileanna comhsheasmhach maidir leis an riachtanas go mbeadh múinteoirí oilte sa réimse oideachais sin a aithint.

Is é ról na Seirbhíse Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS) ná feabhas a chur ar cháilíocht na foghlama agus an teagaisc maidir le soláthar oideachas speisialta. Déanann an tseirbhís raon de thionscnaimh forbartha gairmiúla agus de struchtúir

tacaíochta a chomhordú, a fhorbairt agus a sheachadadh le haghaidh comhaltaí pearsanra scoile atá ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna agus in iar-bhunscoileanna príomhshrutha, i scoileanna speisialta agus ranganna speisialta. Oibríonn an SESS faoi shainchúram an Rannóg Oideachais Múinteora sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

Is í aidhm na seirbhíse ná feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama, agus béim faoi leith curtha ar sholáthar oideachas speisialta.

Tá ionadaíocht ag an NSCE ar choiste stiúrtha an SESS agus tugann sé comhairle agus treoir don SESS agus iad i mbun a róil. D'fhreastail ionadaí an NSCE ar thrí chruinniú de choiste stiúrtha an SESS, a reáchtáladh i Márta, Meitheamh agus i nDeireadh Fómhair 2011. Ag gach ceann de na cruinnithe sin tugadh tuairiscí chun dáta ar chlár oibre an SESS le haghaidh 2010-2011, ar chúrsaí airgeadais agus ar mheasúnú an SESS ag comhairleoirí bainistíochta.

Oideachas Múinteoirí

Tar éis iarratais ón Aire, chuir an Chomhairle páipéar gairid isteach i Meán Fómhair 2011 inar tugadh cuntas ar a chuid tuairimí maidir le hoideachas múinteoirí.

Ní raibh an páipéar comhionann le hathbhreithniú cuimsitheach litríochta nó tíre ar oideachas múinteoirí le haghaidh oideachais speisialta toisc nach rabhthas in ann é sin a dhéanamh laistigh den amfhráma gairid a bhí ar fáil. Ullmhaíodh é tar éis breithniú a dhéanamh ar fhorbhreathnú ar an bhfianaise a bhí ar fáil ó thaighde reatha an NCSE, ar chomhairle bheartais an NCSE, ar roinnt doiciméad lárnach ó Rialtas na hÉireann agus chomhlachtaí reachtúla, chomh maith le faisnéis ar leasú mór atá ar siúl ar oideachas múinteoirí le haghaidh cuimsithe in Albain. Tógadh san áireamh sa pháipéar freisin critéir agus treoirlínte na Comhairle Múinteoireachta maidir le hoideachas múinteora tosaigh a foilsíodh le déanaí.

Leagadh béim sa pháipéar ar thrí thoradh lárnacha ón litríocht idirnáisúnta:

- is iad na fachtóirí is tábhachtaí i dtorthaí dalta ná cáilíocht na múinteoirí agus a gcuid teagaisc (OECD, 2005:12)
- is í an fhachtóir lárnach a chuireann le dul chun cinn daltaí, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu, ná rochtain ar shainmhúinteoirí oilte agus cáilithe (OFSTED, 2006)
- chun go mbeadh múinteoirí príomhshrutha muiníneach agus oilte agus iad ag múineadh leanaí a bhfuil riachtanais oideachais éagsúla acu tá sé riachtanach go gcuirfí oiliúint oiriúnach orthu agus ba cheart prionsabail an chuimsithe a chumhdach i gcláir oiliúna múinteora, ar cheart a bhunú ar thuairimí agus luachanna seachas díreach eolas agus scileanna (WHO, 2011).

Rinneadh breithniú sa pháipéar ar inniúlachtaí sonracha ar cheart go mbeidís sealbhaithe ag múinteoirí agus a gclár oideachais múinteoirí tosaigh críochnaithe acu. Sa deireadh, maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach, rinneadh deighilt sa pháipéar idir na rudaí ar cheart go mbeidís i bhfeidhm le haghaidh:

- gach múinteoir daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- múinteoirí i sainróil agus sainsuíomhanna (múinteoirí tacaíochta foghlama/ acmhainne, múinteoirí cuairte, agus múinteoirí i scoileanna agus ranganna speisialta)
- príomhoidí agus leas-phríomhoidí.

An Ghníomhaireacht Eorpach d'Fhorbairt Oideachas Riachtanas Speisialta (EADSNE)

Is é atá sa Ghníomhaireacht Eorpach d'Fhorbairt Oideachas Riachtanas Speisialta (EADSNE) ná comhlacht neamhspleách faoina rialú féin a bhunaigh ballstáit an Aontais Eorpaigh. Tá an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis ina dtíortha rannpháirteacha chomh maith. Is trí ranníocaíochtaí bliantúla ó bhalltíortha a choimeádtar an EADSE agus tugann institiúidí an Aontais Eorpaigh tacaíocht dó faoi Chlár Foghlama ar Feadh an tSaoil de chuid an AE. Éascaíonn an EADSNE bailiú, próiseáil agus scaipeadh an eolais maidir le hoideachas daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar fud na hEorpa agus déanann sé rannpháirtíocht daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu in oideachas agus oiliúint phríomhshrutha a chur chun cinn.

Glacann an NCSE páirt in obair an EADSNE agus tá duine dár mbaill foirne ina gcomhordaitheoir náisiúnta di in Éirinn. Reáchtáil an EADSNE dhá chruinniú le linn 2011, in Aibreán agus i Samhain. Cuireadh tuarascáil dul chun cinn ar ghníomhaíochtaí an EADSNE i láthair ag an dá chruinniú sin. Thug baill foirne an EADSNE tuairiscí chun dáta ar roinnt tionscadal reatha lena n-áirítear an Higher Education Access Guide (HEAG); Oideachas Múinteoirí um Chuimsiú; faisnéis inrochtana a sholáthar le haghaidh foghlama ar feadh an tsaoil; agus gairmoideachas agus gairmoiliúint.

I measc na dtionscadal téamach atá á bpleanáil ag an EADSNE tá:

- Soláthar a eagrú ar bhealach a dhéanfaidh cuimsiú a chur chun cinn
- Éachtaí a ardú le haghaidh gach foghlaimeora – cáilíocht san oideachas cuimsitheach.

Reáchtáil an EADSNE éisteacht Eorpach ar thuairimí daoine óga ar oideachas cuimsitheach i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil ar an 7 Samhain, 2011. Ba í aidhm na himeachta sin ná deis a thabhairt do dhaoine óga ó gach cearn den Eoraip, iad siúd atá agus nach bhfuil faoi mhíchumas, a gcuid tuairimí a chur in iúl. Rinne triúr daltaí as Scoil Iósaf um Buachaillí Bodhra i gCabrach, agus as Pobalscoil Rosmini i nDroim Conrach agus an bheirt aosach a bhí in éineacht leo, ionadaíocht ar Éirinn.

Trí hoibriú leis an EADSNE cuirtear ar chumas an NCSE coimeád suas le dáta le taighde agus forbairtí idirnáisiúnta san oideachas speisialta. Cuireann sé ar ár gcumas freisin comhghleacaithe Eorpacha a chur ar a n-eolas faoi dhul chun cinn agus fhorbairtí maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu in Éirinn. Dá bharr sin, áiríodh roinnt samplaí de dhea-chleachtas agus de chleachtas nuálaíoch as Éirinn san áireamh sa litríocht a eascraíonn ón EADSNE.

Nuacht an NCSE

Foilsíodh dhá heagrán eile de nuachtlitir an NCSE, *NCSE NEWS*, go leictreonach ar ár láithreán gréasáin (i mBealtaine agus i mí na Nollag 2011). I measc na míreanna lárnacha sa dá heagrán bhí:

- eagrán speisialta den *European Journal of Special Needs Education* (Imleabhar 26, Eagrán 1, 2011), inar foilsíodh ceithre shraith de pháipéir ag eascairt ó thaighde arna coimisiúnú ag an NCSE
- fógairt staitisticí an NCSE arna bhfoilsiú ar ár láithreán gréasáin
- foilsiú leabhrán eolais nua de chuid an NCSE le haghaidh tuismitheoirí
- foilsiú *An Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach* an NCSE le haghaidh Scoileanna
- tuarascáil ar chomhdháil taighde an NCSE a reáchtáladh i Samhain 2011
- foilsiú eolaí nua le haghaidh scoileanna um chuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá gach eagrán reatha agus seaneagrán dár nuachtlitir, NCSE NEWS, ar fáil le feiceáil nó le híoslódáil ar ár láithreán gréasáin (www.ncse.ie).

Tosaíocht Straitéiseach 3

Comhordú a Dhéanamh ar Sholáthar Tacaí chun Seachadadh Oideachas Cuimsitheach agus Éifeachtach a Chumasú le haghaidh Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

Chun ár gcuid oibre a dhéanamh teastaíonn naisc thrasghníomhaireachta agus thras-rannacha leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna (DES), an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS). Déantar na naisc sin ar leibhéal áitiúil le ERSOnna agus le baill foirne an FSS agus an ROS a oibríonn as lámh a chéile, chomh maith le leibhéal na bainistíochta sinsearaí, agus ionadaíocht ag an NCSE ar an bhfoireann náisiúnta thras-rannach oideachais/sláinte.

Sampla amháin de chomhoibriú tras-rannach é an próiseas measúnaithe riachtanais faoin Acht um Míchumas le haghaidh leanaí óga. I láthair na huaire atreoraíonn an FSS gach measúnú arna ndéanamh faoin Acht um Míchumas áit ar aithníodh gá le seirbhís oideachasúil le haghaidh linbh réamhscoile chuig an NCSE. Cuireann sé sin ar chumas an NCSE tús a chur leis an bpróiseas pleanála le haghaidh leanaí a bhféadfadh go mbeadh tacaí ag teastáil uathu nuair a thosóidh siad ag freastal ar scoil. Freisin ligeann sé nasc a bhunú leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS). Féadfaidh an NEPS a aithint ó na doiciméid mheasúnaithe riachtanais go bhféadfadh go mbeadh sainsuíomh ag teastáil don leanbh. Soláthraíonn an NEPS soiléiriú, má theastaíonn, do ERSOnna maidir le doiciméid mheasúnaithe.

I measc na bhforbairtí atá ar siúl san earnáil sláinte tá foirne luathghabhála agus idirghabhála scoile a bhunú chun measúnú agus idirghabháil a sholáthar do leanaí. Cuirtear an-fháilte roimh na forbairtí sin agus tá an NCSE ag tnúth le hoibriú i ndlúthpháirt leis na foirne sin ar leibhéal áitiúil.

Sláinte agus Oideachas ag Obair as Lámh a Chéile

D'fhéadfadh go mbeadh tacaí breise arna gcistiú tríd na húdaráis sláinte, chomh maith le tacaí oideachasúla breise, ag teastáil ó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá an NCSE rannpháirteach i meitheal oibre tras-rannach ar shláinte agus oideachas (atá comhdhéanta den Roinn Oideachais agus Scileanna, den Roinn Sláinte, den NCSE agus den FSS), a dhéanann breithniú ar shaincheisteanna forluiteacha sláinte agus oideachais de réir mar a thagann siad chun cinn.

Toradh díreach agus leantach a d'eascair ón meitheal oibre seo ná gur forbraíodh caidrimh oibre níos dlúithe idir ERSOnna, gairmithe an FSS agus an NEPS.

Baineann ceann amháin de na prótacail oideachais/sláinte ar aontaigh an grúpa seo air leis an ngá go n-oibreodh an FSS agus an NCSE as lámh a chéile maidir leis an bpróiseas measúnaithe riachtanais faoin Acht um Míchumas, 2005.

Measúnú Riachtanas (Leanaí faoi bhun 5 bliana)

Tá an tAcht um Míchumas, 2005 mar ghné lárnach den Straitéis Náisiúnta Míchumais agus ceapadh é chun soláthar a dhéanamh do rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa tsochaí agus chun tacú léi trí thacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí sonracha don mhíchumas agus trí rochtain ar sheirbhísí poiblí príomhshrutha a fheabhsú.

Tugadh feidhm do Chuid 2 den Acht um Míchumas, 2005 i Meitheamh 2007 agus leis sin bunaíodh córas um measúnú leanaí faoi mhíchumas a bhí níos óige ná cúig bliana d'aois i Meitheamh 2007. Faoi fhorálacha an Achta, féadfaidh an t-oifigeach measúnaithe cúnamh an NCSE a iarraidh chun seirbhísí oideachasúla a aithint a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do leanbh. Le linn 2011, fuair agus phróiseáil an NCSE os cionn míle iarratais ar chúnamh.

Achomharc faoi Alt 29

Tá ról lárnach ag an NCSE maidir le sainaiteanna scoile a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ó am go chéile, áfach, d'fhéadfadh go ndiúltódh scoil leanbh a chlárú.

Foráiltear le hAlt 29 den Acht Oideachais go bhféadann tuismitheoirí linbh achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí áirithe arna ndéanamh ag scoil, is iad sin ná:

- eisiamh buan ó scoil
- cur ar fionraí ó scoil
- diúltú leanbh a chlárú.

Déantar an t-achomharc a phróiseáil ag coiste achomharc arna bhunú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Féadfaidh an coiste achomharc ráiteas a lorg ón NCSE maidir le heisiamh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I 2011, sholáthair an NCSE faisnéis don choiste achomharc maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais diagnóisithe acu áit ar leanadh an próiseas faoi Alt 29.

Consultative Fóram Comhairliúcháin an NCSE

Déantar foráil in Alt 22 den Acht EPSEN, 2004, do bhunú fhóram comhairliúcháin ag an gComhairle, a bhféadann an Chomhairle dul i gcomhairle leis maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna. Déanann baill an fhóraim ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara san oideachas speisialta.

Reáchtáil an fóram comhairliúcháin trí chruinniú le linn 2011 (i bhFeabhra, in Aibreán agus i Meán Fómhair). Caitheadh dhá cheann de na cruinnithe sin i mbun plé ar chomhairle bheartais an NCSE ar oideachas Leanaí Bodhra agus Lagéisteachta sa todhchaí.

I bhFeabhra, thug an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta agus an tSeirbhís Múinteoirí Cuairte le haghaidh Leanaí Bodhra agus Lagéisteachta láithreachais. Rinneadh plé freisin ar an léirbhreithniú litríochta a choimisiúnaigh an NCSE, *Evidence of Best Practice Models and Outcomes in the Education of Deaf and Hard-of-Hearing*

Children: An International Review (Marschark, M agus Spencer P, 2009), ag an gcruinniú sin. Ag an dara cruinniú, ar an 13 Aibreán, 2012, thug tuismitheoirí daltaí reatha agus iardhaltaí Bodhra agus Lagéisteachta láithreachais ar a dtaithí féin ar an gcóras oideachais agus ar na tacaí atá ag teastáil ó na daltaí sin. Rinneadh breithniú freisin ar aighneacht scríofa ón nGrúpa Comhpháirtíochta um Oideachas na mBodhar ag an gcruinniú sin.

Reáchtáladh an tríú cruinniú i Meán Fómhair 2011 agus tiomnaíodh é do phlé ar chomhairle bheartais an NCSE ar oideachas sa todhchaí le haghaidh leanaí a bhfuil iompraíocht dhúshlánach acu a eascraíonn ó shuaitheadh mothúchánach agus/nó fhadbhanna iompraíochta.

Tá an NCSE buíoch as an ról mór a ghlac an grúpa seo a i bhforbairt a chlár comhairle beartais le linn 2011.

Tosaíocht Straitéiseach 4

Feabhas a Dhéanamh ar Sholáthar Oideachasúil le haghaidh Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu trí Thaighde agus Chomhairle Bheartais d'Ardchaighdeán

An Clár Taighde 2011

Tá ár gclár taighde dea-fhorbartha agus foilsímid ár gcuid taighde ar ár láithreán gréasáin (www.ncse.ie). Tugann ár gclár taighde eolas do thuismitheoirí, ghairmithe oideachasúla agus don lucht acadúil a bhfuil spéis acu in eolas a fháil faoi na treochtaí agus faoin machnamh is deireanaí maidir le hoideachas speisialta. Freisin treoraíonn sé ár gcomhairle bheartais don Aire Oideachais agus Scileanna. Leanfaidh ár gclár taighde ar aghaidh ag díriú ar eolas a fhorbairt agus ar bhunús a chur ar fáil do dhéanamh beartais arna threorú ag fianaise.

Tríú Comhdháil Bhliantúil Taighde an NCSE

D'fhreastail os cionn 150 toscaire ar an tríú chomhdháil bhliantúil taighde i bPáirc an Chrócaigh i Samhain 2011 áit ar labhair an NCSE faoin taighde agus faoin gcomhairle bheartais is deireanaí i leith oideachais speisialta. Ba í an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald TD a d'oscail an chomhdháil agus seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl inti:

- seoladh *An Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach* an NCSE, uirlis phraiticiúil le haghaidh scoileanna chun tacú le cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu
- tugadh láithreachais faoi dhá staidéar taighde ar rochtain don churaclam le haghaidh daltaí bunscoile óga agus ar leitheadúlacht riachtanais speisialta oideachais
- láithreachas spreagúil le haoi-chainteoir ar chleachtas cuimsitheach agus ar na himpleachtaí d'oideachas múinteoirí
- páipéar ar chomhairle bheartais an NCSE don Aire ar *The Future Role of Special Schools and Classes in Ireland*.

D'fhreastail raon leathan de pháirtithe leasmhara ó réimse an oideachais ar an gcomhdháil sin, lenar áiríodh tuismitheoirí, CRSanna, an lucht acadúil, taighdeoirí, oifigigh roinne, grúpaí abhcóideachta, síceolaithe oideachais, cigirí agus ionadaithe ar cheardchumainn múinteoirí agus ar chomhlachtaí náisiúnta eile.

Foilseacháin Taighde Nua an NSCE

D'fhoilsíomar trí fhoilseachán taighde nua de chuid an NCSE i 2011:

1. *Access to the curriculum for pupils with a variety of special educational needs in mainstream classes: An exploration of the experiences of young pupils in primary school*

Sa staidéar díríodh ar 46 leanbh i 11 scoil agus tugadh faoi deara gur gnách go raibh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais in ann rochtain a fháil ar an gcuraclam thart ar 85 fán gcéad den am. Ba í an phríomhchineál tacaíochta a úsáideadh ná tacaíocht bhreise ó CRS agus chuaigh CRSanna i mbun go leor tásc a bhí i bhfad lasmuigh dá gcuid dualgas. I measc na gcineálacha eile tacaíochta a úsáideadh, ach nár úsáideadh go minic, ná leagan amach an tseomra ranga a athrú, acmhainní breise nó difriúla a úsáid, ábhar an cheachta a athrú nó foirm éigin de mhodhanna sainteagaisc a úsáid. I measc fachtóirí móra a bhí mar bhacainn do rochtain ar an gcuraclam bhí: easpa tacaíochta ó ghairmithe a bhfuil saineolas acu i riachtanais speisialta; easpa ama le haghaidh pleanála le baill foirne eile; agus easpa oiliúna oiriúnaí le haghaidh múinteoirí.

2. *A Study on the Prevalence of Special Educational Needs*

Tharraing an staidéar seo ar anailís ar shonraí faoi 8,578 leanbh naoi mbliana d'aois ón staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* chun ráta leitheadúlachta nua le haghaidh riachtanas speisialta in Éirinn a mheas. Cuimsíonn an anailís faisnéis a bailíodh ó thuismitheoirí agus mhúinteoirí faoi riachtanais speisialta oideachais agus fhoghlama leanaí, idir riachtanais éadroma agus riachtanais chasta, mar mhíchumais fhisiceacha, míchumais/ deacrachtaí foghlama, neamhoird chumarsáide agus chomordaithe, dul chun cinn mall, fadhbanna ainsealacha fisiceacha nó meabhairshláinte agus deacrachtaí mothúchánacha. Meastar sa staidéar gurb é an ráta leitheadúlachta le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu ná 25 fán gcéad.

3. *Evidence of Best Practice Models and Outcomes in the Education of Children with Emotional Disturbance/ Behavioural Difficulties: An International Review*

Sa tuarascáil seo breathnaíodh ar na céadta alt sa réimse seo agus fuarthas, má thugtar dóthain oiliúna agus tacaíochta dóibh, go bhféadann baill foirne i scoileanna príomhshrutha ról mór a ghlacadh i ndeacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta a chosc i measc daltaí agus go bhféadann siad leas mothúchánach agus iompraíochta na ndaltaí a fheabhsú chomh maith. Fuarthas go bhfeictear an fhianaise is láidre de dhea-thorthaí i gcleachtais atá bunaithe ar shamhlacha iompraíochta agus iompraíochta cognaíche.Is minic gur féidir na cuir chuige sin a fhoghlaim trí chláir oiliúna gairide agus gur fearr iad a chur i bhfeidhm laistigh de chur chuige scoile iomláine.

Obair Thaighde Eile

Bhí ocht dtionscadal taighde eile ag leanúint ar aghaidh nó bhí siad faoi athbhreithniú i 2011. Seo a leanas na teidil a bhí orthu:

1. *Inclusive Research in Irish Schools* (Project IRIS). (Staidéar fadaimseartha a bhí anseo ina ndearnadh scrúdú ar sholáthar oideachas speisialta laistigh de scoileanna na

hÉireann, ar thaithí daltaí/mac léinn a raibh an t-oideachas seo á fháil acu agus ar a gcuid torthaí gaolmhara.)

2. *A Study of Transition from Primary to Post-Primary School for Pupils with Special Educational Needs*.
3. *Review of NCSE Resource Allocation Process and Evaluation of the Deployment of Resources in Schools*.
4. *A Study of Access and Progression Experiences of Students with Special Educational Needs Moving from Compulsory Education to Further and Higher Education.*
5. *A Review of the International Research Literature on Curriculum and Curriculum Access Issues for Students with Special Educational Needs in Post Primary Settings.*
6. *Measuring Educational Engagement, Progress and Outcomes for Children with Special Educational Needs: A Review.*
7. *The Special Class Model in Ireland: How is it working for pupils with special educational needs in mainstream schools?*
8. *Continuum of Education Provision for Children with Special Educational Needs: Review of International Policies and Practices.*

Bunachar Sonraí ar Thaighde agus Bheartas i leith Riachtanais Speisialta Oideachais in Éirinn

Shocraíomar freisin go mbeadh bunachar aonair d'fhoilseacháin taighde agus bheartais faoin oideachas speisialta mar acmhainn úsáideach do thaighdeoirí. I mbliana, d'fhoilsíomar bunachar sonraí ar ár láithreán gréasáin a dtugtar rochtain air do chách agus a chuimsíonn os cionn 1,600 tagairte d'fhoilseacháin taighde nó bheartais na hÉireann san oideachas speisialta a foilsíodh ó 2000 ar aghaidh.

Cabhróidh an bunachar sonraí sin le húsáideoirí fáil amach cén réimse d'ábhar Éireannach atá ar fáil maidir le haon ábhar ar leith laistigh den oideachas speisialta agus tá sé ina acmhainn luachmhar do thaighdeoirí, don lucht déanta beartais, do dhaltaí agus do pháirtithe leasmhara eile. Foilsíodh tuarascáil freisin a thugann achoimre ar na 1,600 tagairt agus ina dtugtar forbhreathnú spéisiúil ar fhócas na bhfoilseachán le 12 bhliain anuas.

Eagrán Speisialta d'Irisleabhar Eorpach Tiomnaithe do Thaighde a Choimisiúnaigh ag an NCSE

In eagrán speisialta den *European Journal of Special Needs Education* (Imleabhar 26, Eagrán 1, 2011) foilsíodh ceithre shraith de pháipéir a d'eascair ó thaighde a choimisiúnaigh an NCSE. Cuireadh achoimre ar an taighde i ngach sraith páipéar chomh maith le scrúdú ar na torthaí ó thaobh múinteora agus déantóra beartais. Tugadh cuntas ar na himpleachtaí don seomra ranga iontu ar bhealach praiticiúil agus inrochtana.

An Clár Comhairle Beartais 2011

Ar cheann de na róil lárnacha atá againn tá comhairle bheartais a thabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna ar an gcaoi ar féidir an córas oideachais speisialta a fheabhsú. I 2011sholáthraíomar comhairle bheartais don Aire ar ról scoileanna speisialta agus ranganna speisialta sa todhchaí chomh maith le hoideachas leanaí Bodhra agus Lagéisteachta.

Ról na Scoileanna agus na Ranganna Speisialta sa Todhchaí

Chuir an Chomhairle a cuid comhairle beartais faoi ról na scoileanna agus na ranganna speisialta sa todhchaí faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna ar an 3 Feabhra, 2011.

Leagadh béim sa chomhairle bheartais ar thiomantas an NCSE atá cumhdaithe san Acht EPSEN, is é sin ná gur cheart oideachas a chur ar fhormhór móra na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i suíomhanna cuimsitheacha, ach amháin mura bhfuil sé ar a leas féin nó ar leas a gcuid piaraí a bhfuiltear chun oideachas a chur orthu in éineacht leo. De réir spiorad an Achta do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) áfach, aithníodh sa chomhairle bheartais go bhfuil riachtanais roinnt leanaí chomh casta nó chomh trom go bhféadfadh nach mbeadh sé lena leas. Le haghaidh na leanaí sin, moltar ranganna speisialta nó scoileanna speisialta atá bunaithe ina gceantar féin agus atá suite ar champais phríomhshrutha mar an mbealach is fearr le cuimsiú a uasmhéadú.

I measc roinnt moltaí a bhain le scoileanna agus ranganna speisialta, moladh i bpáipéar comhairle beartais an NCSE go bhforbródh an Roinn Oideachais agus Scileanna cód cleachtais chun tacaíocht agus treoir a thabhairt do thuismitheoirí agus ghairmithe agus iad ag déanamh cinntí faoi shocrú leanaí.

Oideachas Leanaí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn

Cuireadh comhairle bheartais faoi oideachas leanaí Bodhra nó Lagéisteachta faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna i mí na Nollag 2011. Leagadh béim ar thábhacht an pháipéar comhairle beartais sin ag fianaise ón taighde a thug le tuiscint go mbíonn moill mhór le leibhéil éachta acadúla i gcás leanaí Bodhra agus Lagéisteachta i gcomparáid le leanaí éisteachta a bhfuil an cumas céanna acu.

Ba é tuairim an Aire ná gur tuarascáil chuimsitheach é seo a ndearnadh taighde an-chríochnúil lena haghaidh agus ina bpléitear na fadhbanna go léir a mbíonn tionchar acu ar oideachas Leanaí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn. Bhí sé an-sásta go dtógtar an dea-chleachtas ar fud an domhain san áireamh sna moltaí agus d'aithin sé go leagtar amach bealach soiléir sa tuarascáil chun soláthar oideachasúil le haghaidh Leanaí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn sa todhchaí a phleanáil.

I bpáipéar comhairle beartais an NCSE leagadh amach treoir don todhchaí le haghaidh oideachas leanaí Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn. Ba é an pointe ar leagadh béim air ná gur cheart go mbeadh sé mar aidhm deis a thabhairt do dhaoine Bodhra agus Lagéisteachta in Éirinn éachtaí acadúla a bhaint amach atá cosúil le héachtaí a gcuid

piaraí éisteachta a bhfuil an cumas céanna acu. Tugtar achoimre thíos ar phointí lárnacha eile sa pháipéar.

1. Áit a gcuirtear luath-idirghabháil éifeachtach chomh maith le teagasc oilte ar fáil, fuarthas go mbíonn na meánscileanna teanga agus léitheoireachta luaithe atá ag daoine óga a d'fhulaing caillteanas éisteachta cosúil leo siúd atá ag leanaí éisteachta.
2. Cruthaíonn an taighde go bhfuil rochtain ar aon teanga, teanga bhéil nó chomharthaithe, ríthábhachtach, agus go bhfeabhsóidh sé cumas leanaí Bodhra agus Lagéisteachta leas a bhaint as an oideachas. Moladh sa pháipéar go dtabharfaí an deis do gach leanbh Bodhar agus Lagéisteachta agus dá gcuid teaghlach teanga chomharthaíochta a fhoghlaim ón am a dtugtar an diagnóis. Cé go bhfuil an scéim sin ar fáil faoi láthair, níl gach teaghlach ar a n-eolas fúithi agus/nó níl siad ag baint leasa aisti.
3. Tá rochtain ar mhúinteoirí a thuigeann conas a smaoiníonn agus a fhoghlaimíonn Leanaí Bodhra agus Lagéisteachta riachtanach dóibh. Cruthaíonn an taighde má dhéanann múinteoirí cumarsáid shoiléir sa teanga a úsáideann a gcuid daltaí, gurb ionann é sin agus 'dea-chleachtas' in oideachas na mBodhar. Déantar moltaí maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí múinteoirí chun cinntiú go dtuigeann múinteoirí conas a smaoiníonn agus a fhoghlaimíonn leanaí Bodhra agus Lagéisteachta chun tacaíocht a thabhairt dóibh sa seomra ranga..

Bhí an páipéar bunaithe ar fhianaise ó thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar thuairimí a cuireadh in iúil le linn próisis chomhairliúcháin. Tugtar treoirphlean ann chun cinntí faoi chaiteachas sa todhchaí a threorú de réir mar a thiocfaidh feabhas ar an ngeilleagar.

Páipéir Bheartais Eile

Chuir an NCSE na páipéir bheartais seo a leanas isteach le linn 2011:

- *Response to the Department of Education and Skill's Draft National Plan to Improve Literacy and Numeracy in Schools*
- *Response to the Teaching Council's Draft Policy Paper on the Continuum of Teacher Education*
- *Submission to the Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector*
- *Response to the Discussion Paper on a Regulatory Framework for School Enrolment*.

Leabhrán Eolais Nua le haghaidh Thuismitheoirí Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

Fuarthas amach de bharr ár gcuid taighde chomh maith lenár gcuid cruinnithe laethúla le tuismitheoirí nach raibh rochtain acu ar eolas cuimsitheach faoin gcóras oideachais agus faoin gcaoi a dtacaíonn sé le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Agus é sin i gcuimhne againn, d'fhoilsíomar leabhrán eolais nua le haghaidh tuismitheoirí dar teideal *Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán*

Eolais le haghaidh Tuismitheoirí i Meán Fómhair 2011. Sa leabhrán seo tugtar eolas do thuismitheoirí, den chéad uair, ar an raon iomlán de thacaí oideachasúla atá ar fáil i scoileanna le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Chomh maith le heolas a thabhairt faoin raon de thacaí oideachasúla i scoileanna, tugtar eolas sa leabhrán freisin faoin gcaoi a ndéantar measúnú ar riachtanais oideachasúla linbh agus faoi na rudaí a fhoghlaimeoidh leanbh ar scoil. Cuireadh an leabhrán ar fáil i bhfoirm leictreonach ar ár láithreán gréasáin agus i bhfoirm cruachóipe freisin.

Tá sé ar intinn ag an NCSE freisin paimfléid eolais a fhoilsiú faoi réimsí éagsúla de riachtanais speisialta oideachais. Nuair a bheidh siad foilsithe, cuirfear ar fáil i gcruachóip agus ar láithreán gréasáin an NCSE iad.

Tosaíocht Straitéiseach 5

Cinntiú go nDéantar an NCSE a Fhorbairt agus a Choimeád mar Eagraíocht Éifeachtach agus go n-Oibríonn sé ar Bhealach a Thagann go hIomlán lena chuid Ceanglas ó thaobh na Reachtaíochta, na Rialachán agus an Rialachais Chorparáidigh

Forbairt na hEagraíochta

Le linn 2011, lean an NCSE ar aghaidh ag coimeád agus ag forbairt a acmhainne mar eagraíocht de réir cheanglais na reachtaíochta agus na rialachán, an bheartais fhorordaithe, an cód rialachais, teorannacha buiséid agus foirne, agus a chuid tosaíochtaí straitéiseacha.

De réir bheartas an Rialtais ar sholáthar foirne don tseirbhís phoiblí, ceanglaíodh ar an NCSE líon a chuid ball foirne a laghdú faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta. Dá bharr sin bhí athbhreithniú ar ár n-eagraíocht riachtanach. Ba í aidhm an athbhreithnithe ná feidhmeanna tosaíochta riachtanacha túslíne agus eile a aithint agus cinntiú go leanfaí ar aghaidh á gcoimeád agus á bhforbairt, dá mbeifí in ann, laistigh de na hacmhainní a bheadh ar fáil. Cuireann sé sin dúshlán mór roimh an eagraíocht agus tá próiseas leanúnach ar siúl chun cinntiú go ndéantar éifeachtúlachtaí a aithint agus a sheachadadh, agus go gcosnaítear seirbhísí agus feidhmeanna ríthábhachtacha.

Tá plean gníomhaíochta agus tuarascálacha dul chun cinn an NCSE maidir le cur i bhfeidhm an leasaithe faoin gComhaontú Seirbhíse Poiblí foilsithe ar ár láithreán gréasáin (www.ncse.ie).

Pleanáil Straitéiseach agus Cur i bhFeidhm

Tá *Ráiteas Straitéise 2008—2011* de chuid an NCSE a d'fhorbair an NCSE agus ar ghlac sé leis, foilsithe ar láithreán gréasáin an NCSE. D'aontaigh an Chomhairle ar phlean oibre de na gníomhartha le haghaidh 2011 chun na tosaíochtaí sa phlean straitéiseach a chur i bhfeidhm. Rinne an Chomhairle maoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean oibre le linn na bliana. I 2011, rinne an Chomhairle athbhreithniú freisin ar a ráiteas straitéise agus d'aontaigh sí ar athruithe áirithe ar thosaíochtaí beartais straitéisigh, léireofar iad siúd ina *Ráiteas Straitéise 2012–2016*.

Ceapadh POF

Tar éis scor Pat Curtin i mí na Nollag, 2010, ceapadh an Chomhairle Teresa Griffin mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar chonradh seacht mbliana, tar éis comórtas oscailte poiblí a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Chuaigh Ms Griffin i mbun a cuid dualgas i Márta 2011. Sular ceapadh an príomhfheidhmeannach, d'ainmnigh an Chomhairle Sé Goulding, Ceann Seirbhísí Oibriúcháin sa NCSE, mar oifigeach eatramhach i gceannas.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Soláthraíodh cláir oiriúnacha oiliúna agus fhorbartha i 2011 le haghaidh ball foirne, de réir riachtanas aitheanta eagraíochta agus foirne. Dúshlán mór don NCSE é an acmhainn agus na hinniúlachtaí riachtanacha a fhorbairt intí chun seachadadh na bhfeidhmeanna corparáideacha agus eagraíochta go léir a chinntiú agus chun ceanglais rialachais i dtimpeallacht athraitheach a chomhlíonadh go hiomlán. Tá dúshlán i gceist le nádúr scaipthe na mball foirne áitiúil de chuid an NCSE. Forbraíodh clár oiliúna ar líne chun riachtanais aitheanta a riar. Baineann an NCSE leas as deiseanna líonraithe ar fud na seirbhíse poiblí agus laistigh den eagraíocht agus a chuid inniúlachtaí eagraíochta agus foirne á bhforbairt. Úsáidtear an córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF); is próiseas tábhachtach é chun riachtanais aonair fhorbartha agus oiliúna a aithint.

An Clár Ar Líne um Forbairt Ghairmiúil Leanúnach le haghaidh ERSOnna

Rinne Coláiste Oiliúna Múinteoirí Pádraig, Baile Átha Cliath an chéad cheann de cheithre mhodúl oiliúna ar líne le haghaidh ERSOanna a sheachadadh do ghrúpa amháin de ERSOnna i mBealtaine 2011 agus don dara grúpa i Meán Fómhair 2011. Sa dá chás, bhí an cúrsa ar siúl ar feadh ceithre seachtaine. Dearadh an clár sin a bhfuil ceithre mhodúl ann chun forbairt ghairmiúil oiriúnach a sholáthar do ERSOanna, ionas go mbeidh siad in ann a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí maidir le hoibriú le scoileanna agus le tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tugadh faoi obair ar fhorbairt agus ar dhearadh an dara mhodúil i mí na Nollag, 2011, agus é mar aidhm é a sheachadadh i 2012.

Imlíne an Chláir

Modúl 1: Oideachas Speisialta: Comhthéacsanna Stairiúla agus Reatha

Modúl 2: Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

Modúl 3: Scoileanna/Gníomhaireachtaí agus an chaoi a bhfeidhmíonn siad

Modúl 4: Pleanáil Aonair le haghaidh Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu.

Forbairtí TFC

Déanann an NCSE bainistíocht ar a líonra agus a chuid córas TFC trí mheán shocruithe seirbhíse seachfhoinsithe den chuid is mó. Baineann sé leas as socruithe íostarraingthe arna soláthar go lárnach agus as na creat-chomhaontuithe a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm. Mar shampla, chuir an NCSE tairiscint amach arís i 2011 le haghaidh na seirbhísí fóin phóca is fearr agus úsáid á baint as an gcreat-chomhaontú.

Choimisiúnaigh an NCSE athbhreithniú neamhspleách ar a Chóras Riaracháin um Oideachas Speisialta (CROS). Ag deireadh na bliana bhí breithniú á dhéanamh aige ar mholtaí an athbhreithnithe, agus é mar aidhm cinntiú go bhfuil córas oiriúnach i

bhfeidhm chun freastal ar riachtanais i dtimpeallacht bheartais a bhfuil athrú ag teacht uirthi.

Bonneagar Chóiríocht Oifige an NCSE

Oibríonn an NCSE líonra de 40 oifig ar fud an stáit lena n-áirítear a cheanncheathrú i mBaile Átha Troim, Co. na Mí. Oibríonn baill foirne áitiúla an NCSE in oifigí áitiúla agus soláthraíonn siad seirbhísí ar bhonn díreach do scoileanna agus thuismitheoirí ina gcuid ceantar.

Tá tuileadh sonraí faoi chóiríocht oifige an NCSE curtha ar fáil in Aguisín 1. Tá sonraí teagmhála iomlána le haghaidh rochtana poiblí ar cheanncheathrú agus ar sheirbhísí poiblí an NCSE foilsithe agus ar fáil ar láithreán gréasáin an NCSE (www.ncse.ie).

Nósanna Imeachta Airgeadais agus Rialachais

Cloíonn an NCSE leis na socruithe atá leagtha amach sa chód cleachtais um rialachas comhlachtaí stáit.

Déanfar ráitis airgeadais bhliantúla iniúchta an NCSE don bhliain dar chríoch 2011 a fhoilsiú ar leithligh ar láithreán gréasáin an NCSE. Tá achoimre den dréachtchuntas ioncaim agus caiteachais curtha ar fáil in Aguisín 4.

Tá an NCSE i mbun socruithe seirbhíse roinnte a lorg le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí de réir bheartas an Rialtais. I 2011, d'oibrigh sé as lámh a chéile leis an Roinn Airgeadais chun riarachán párolla an NCSE a aistriú ó sheirbhís sheachfhoinsithe go seirbhís roinnte phárolla na Roinne Airgeadais.

Rialachas

Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Is é an t-údarás rialachais don NCSE ná Comhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is é an tAire Oideachais agus Scileanna a cheapann an Chomhairle faoi Alt 21 den Acht um Oideachas Daoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004. Ceapadh an Chomhairle reatha le haghaidh théarma trí bliana a thosaigh ar an 1 Eanáir 2010 agus a dtiocfaidh deireadh leis ar an 31 Nollaig 2012. Bhí naoi gcruinniú ag an gComhairle le linn 2011 (lenar áiríodh cruinniú teileachomhdhála). Tugtar sonraí faoi bhaill aonair agus faoina gcuid cúram sa tábla thíos.

Ballraíocht Chomhairle an NCSE le linn 2011		Cúram
*Sydney Blain (Cathaoirleach)	Iar-phríomhoide, Coláiste Oideachais Eaglais nahEireann, Baile Átha Cliath.	9
*Maighread Ní Ghallchobhair (Leaschathaoirleach)	Iar-phríomhoide, Scoil Benincasa le haghaidh leanaí a bhfuil neamhoird mhothúchánacha agus iompraíochta orthu.	8
*Siobhán Barron	Stiúrthóir, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA). Ainmnithe ag an NDA.	7
Mick Coughlan	Príomhshíceolaí Cliniciúil sa Ghréasán Náisiúnta Foghlama. Ainmnithe ag an NDA.	9
*Teresa Griffin (féach Nóta 1 thíos)	Príomhaí, an Rannóg Oideachais Speisialta, an Roinn Oideachais agus Scileanna.	3
Maureen Costello (féach Nóta 2 thíos)	Stiúrthóir, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	2
*Seamus Hegarty	Cathaoirleach ar an International Association for the Evaluation of Educational Achievement. Iar-reactaire ar an National Foundation for Educational Research (An Ríocht Aontaithe).	7
James O'Grady (féach Nóta 3 thíos)	Iar-cheann ar Sheirbhísí Míchumais i bhFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus Comhairleoir ar Bheartas i leith Míchumais don Oifig Meabhairshláinte agus Míchumais sa Roinn Sláinte.	7
Pat Kinsella	Príomhoide, Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí.	5
Anne Lodge	Príomhoide, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Baile Átha Cliath.	3
*Don Mahon	Príomhchigire Cúnta, An Roinn Oideachais agus Scileanna.	6
Julie O'Leary	Céimí ón gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.	7
*Tom O'Sullivan	Ard-Rúnaí Cúnta, INTO. Iar-phríomhoide ar Scoil Náisiúnta Buachaillí Sheanáin, Luimneach.	8
Joan Russell	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Gníomhach) le haghaidh Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí.	7

Nóta 1: D'éirigh Teresa Griffin as bheith ina ball den Chomhairle ar an 31 Márta 2011 nuair a ceapadh mar phríomhfheidhmeannach na Comhairle í.

Nóta 2: Cheap an tAire Maureen Costello ar an 23 Meán Fómhair 2011.

Nóta 3: Cheap an tAire James O'Grady ar an 15 Feabhra 2011.

Nóta 4: I gcás na mball siúd a bhfuil * roimh a n-ainm tá dara téarma ar an gComhairle á sheirbheáil acu..

Coistí na Comhairle

Bhunaigh an Chomhairle cúig choiste faoi Alt 33 den Acht EPSEN. D'oibrigh na coistí sin le linn 2011 agus thug siad tuairisc don Aire de réir a gcuid téarmaí tagartha agus treoirlínte rialachais, mar a d'aontaigh an Chomhairle. D'aontaigh baill den Chomhairle gníomhú ar choiste amháin nó níos mó. I gcás an choiste iniúchóireachta, cheap an Chomhairle cathaoirleach a bhfuil an taithí ábhartha acu.

Taighde agus Cumarsáid
Seamus Hegarty (Cathaoirleach)
Tom O'Sullivan
Anne Lodge
Julie O'Leary
Don Mahon

Straitéis agus Beartas
Maighread Ní Ghallchobhair (Chairperson)
Pat Kinsella
James O'Grady
Mick Coughlan

Airgeadas
Siobhán Barron (Cathaoirleach)
Joan Russell
Teresa Griffin (suas go deireadh mhí Mhárta 2011)
Maureen Costello (ón 26 Deireadh Fómhair 2011)

Iniúchadh
Donal Lawlor (Cathaoirleach)
Maighread Ní Ghallchobhair
Seamus Hegarty
Siobhán Barron

Feidhmíocht POF
Tom O'Sullivan (Cathaoirleach)
Sydney Blain
Siobhán Barron

Fóram Comhairliúcháin an NCSE

Seo a leanas baill an fhóraim i 2011:

Baill an Fhóraim Chomhairliúcháin	
Baill Ceaptha ag an gComhairle	
Pat Goff (Comhchathaoirleach)	Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann (IPPN)
Seán Burke (Comhchathaoirleach)	An Cumann Gairmoideachais in Éireann (IVEA)
Sally Maguire	Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)
Des Swan	Cumann Síceolaithe Éireann (PSI)
Edward Byrne	Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta (NABMSE)
Rory O'Sullivan	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-príomhoidí (NAPD)
Marie Therese Kilmartin	An Comhchoiste Bainistíochta (JMB)
Sarah Parlane	An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunbhrainse) (NPC)
Seán Balfe	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)
Robert Jones	Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI)
Bernie Ruane	Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)
Antoinette Nic Gearailt	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (ACCS)
Mary Dunne	Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn (PwDI)
Mary Van Lieshout	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA)
Feargal Brougham	Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
Katherine O'Leary	Cuimsiú Éireann
Patricia McLarty	Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS)
Baill ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna	
Alan Sayles	Cigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES)
Paula Long	Síceolaí sinsearach, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
Terry Reynolds	Príomhaí cúnta, an Rannóg Oideachais Speisialta, an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)

Aguisín 1 – Oifigí an NCSE

NCSE Offices*	
Baile Átha Troim, Co. na Mí (Ceanncheathrú an NCSE)	Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh
Ceatharlach, Co. Cheatharlach	Port Laoise, Co. Laoise
An Cabhán, Co. an Chabháin	Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma
Inis, Co. an Chláir	Cathair Luimnigh
Cathair Chorcaí (Machain)	An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí	Baile Longfoirt, Co. Longfoirt
Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí	Droichead Átha, Co. Lú
Mala, Co. Chorcaí	Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
Dún na nGall, Co. Dhún na nGall	An Uaimh, Co. na Mí
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	Muineachán, Co. Mhuineacháin
Lár cathrach Bhaile Átha Cliath	Tulach Mhór, Uíbh Fhailí
Baile Bhlainséir, Co. Bhaile Átha Cliath	Ros Comáin, Co. Ros Comáin
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	Sligeach, Co. Shligigh
Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath	Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann
Camaigh, Co. Bhaile Átha Cliath	An tAonach, Co. Thiobraid Árann
Tamhlacht, Co. Bhaile Átha Cliath	Cathair Phort Láirge
Cathair na Gaillimhe 1	Muileann gCearr, Co. na hIarmhí
Cathair na Gaillimhe 2	Inis Chórthaidh, Co. Loch Garman
Trá Lí, Co. Chiarraí	Cill Chomhghaill, Co. Chill Mhantáin
An Nás, Co. Chill Dara	Bealach Conghlais, Co. Chill Mhantáin

* Féach láithreán gréasáin an NCSE www.ncse.ie. le haghaidh eolais faoi na seoltaí iomlána.

Aguisín 2 – Baill Foirne an NCSE

Grád	Baill foirne ag deireadh 2011
Príomhfheidhmeannach	1
Príomhaí (ceann feidhme)	4
Príomhaí cúnta	5
Ardoifigeach feidhmiúcháin	5
Oifigeach feidhmiúcháin	3
Oifigeach foirne	1
Oifigeach cléireachais	3
Eagraí sinsearach riachtanais speisialta oideachais	10
Eagraí riachtanais speisialta oideachais	75
Iomlán	107

Aguisín 3 –Táblaí Staitistiúla don Bhliain 2010–11

Bhí tacaíocht bhreise teagaisc acmhainne á fáil ag os cionn 38,000 dalta tríd an NCSE i 2011; agus bhí tacaíocht chúraim ó chúntóirí riachtanais speisialta á fáil ag os cionn 19,000 dalta i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta.

Áiríonn na figiúir sin leithdháiltí nua a rinneadh le linn na bliana acadúla 2010/2011, a bhfuil cuntas sonrach tugtha ortha sna codanna thíos.

Bunscoileanna (Scoileanna Speisialta san áireamh)

Anailís ar Iarratais ar Thacaí Teagaisc Acmhainne

Fuarthas 7,518 iarratas san iomlán ar thacaíocht teagaisc acmhainne maidir le leanaí a bhfuil míchumais íosmhinicíochta orthu. Tugtar tacaíocht do leanaí a bhfuil míchumais ardmhinicíochta orthu tríd an tSamhail Leithdháilte Ginearálta atá i bhfeidhm i mbunscoileanna.

As na 7,518 iarratas, deonaíodh tacaíocht bhreise teagaisc acmhainne i gcás 5,941 díobh.

Sa ghraf thíos taispeántar na tacaí teagaisc acmhainne a deonaíodh do bhunscoileanna i 2011, de réir chineál míchumais.

Uaireanta Acmhainne Deonaithe de réir Míchumais – Bunscoileanna (Príomhshrutha)*



* Iena n-áirítear iad siúd i rang speisialta i suíomh príomhshrutha

Anailís ar Iarratais ar Thacaí CRS

Fuarthas 4,299 iarratas san iomlán ar rochtain ar thacaíocht CRS. Astu siúd, deonaíodh 2,648 díobh.

Sa ghraf thíos taispeántar tacaí CRS a deonaíodh do bhunscoileanna i 2011, de réir chineál míchumais.

Tacaíocht CRS Deonaithe de réir Míchumais – Bunscoil (Príomhshrutha)*



* áirítear iad siúd i rang speisialta i suíomh príomhshrutha

Conclúidí

Is féidir na treochtaí seo a leanas a aithint ó na figiúir thuas:

- Bhain os cionn aon chúigiú (21fán gcéad) d'iarratais a deonaíodh le haghaidh teagaisc acmhainne agus trí fán gcéad d'iarratais ar rochtain ar CRS le leanaí a bhfuil neamhord sonrach urlabhra agus teanga orthu.
- Bhain 23 fán gcéad d'iarratais a deonaíodh le haghaidh teagaisc acmhainne agus 26 fán gcéad d'iarratais ar rochtain ar CRS le leanaí a bhfuil suaitheadh mothúchánach iompraíochta orthu nó leanaí a bhfuil suaitheadh trom mothúchánach iompraíochta orthu.
- Bhain aon chúigiú (20 fán gcéad) d'iarratais a deonaíodh le haghaidh teagaisc acmhainne agus 26 fán gcéad d'iarratais ar rochtain ar CRS le leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais orthu.
- Sa deireadh, bhain 16 fán gcéad d'iarratais a deonaíodh le haghaidh teagaisc acmhainne agus 12 fán gcéad d'iarratais ar rochtain ar CRS le leanaí a bhfuil míchumas fisiceach orthu.

Iar-bhunscoileanna

Anailís ar iarratais ar Thacaí Teagaisc Acmhainne

Fuarthas 7,474 iarratas san iomlán ar thacaíocht teagaisc bhreise. Astu siúd, deonaíodh tacaíocht bhreise teagaisc acmhainne i gcás 4,932 díobh. Tá leanaí a bhfuil míchumas ardmhinicíochta orthu san áireamh sna figiúir sin toisc nach bhfuil an tSamhail Leithdháilte Ginearálta i bhfeidhm ach ar leibhéal bunscoile

Sa ghraf thíos taispeántar tacaí teagaisc acmhainne a deonaíodh ar iar-bhunscoileanna i 2011, de réir chineál míchumais.

Uaireanta Acmhainne Deonaithe de réir Míchumais– Iar-bhunscoileanna



Anailís ar iarratais ar Thacaí CRS

Fuarthas 2,125 iarratas san iomlán ar rochtain ar thacaíocht CRS. Astu siúd deonaíodh tacaíocht CRS i gcás 1,174 díobh.

Sa ghraf thíos taispeántar tacaí CRS a deonaíodh d'iar-bhunscoileanna i 2011, de réir chineál míchumais.

Tacaí CRS Deonaithe de réir Míchumais– Iar-bhunscoileanna



Conclúidí

Is féidir na treochtaí seo a leanas a aithint ó na figiúir thuas:

- Bhain beagnach aon chúigiú (19 fán gcéad) d'iarratais a deonaíodh le haghaidh teagaisc acmhainne agus 35 fán gcéad d'iarratais ar rochtain ar CRS le leanaí a bhfuil suaitheadh mothúchánach iompraíochta orthu nó leanaí a bhfuil suaitheadh trom mothúchánach iompraíochta orthu
- Bhain 13 fán gcéad d'iarratais a deonaíodh le haghaidh teagaisc acmhainne agus cúig fán gcead d'iarratais ar rochtain ar CRS le leanaí a bhfuil míchumas foghlama éadrom orthu.
- Bhain naoi fán gcéad d'iarratais a deonaíodh le haghaidh teagaisc acmhainne agus 22 fán gcéad d'iarratais ar rochtain ar CRS le leanaí a bhfuil neamhord ar speictream an uathachais orthu.

Aguisín 4 –Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais 2011

Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais 2011*		
	2011	2010
	€	€
Ioncam		
Deontas stáit	8,152,000	8,216,000
Aistriú chuig cuntas caipitil	108,691	119,499
Ioncam eile	7,051	13,545
Iomlán	8,267,742	8,349,044
Caiteachas	(8,593,267)	(8,582,886)
Barrachas/(easnamh)ioncaim thar chaiteachas	(325,525)	(233,842)
Barrachas ar an 1 Eanáir	433,274	667,116
Barrachas amhail an 31 Nollaig	107,749	433,274

* Tógadh an tuarascáil ioncaim agus caiteachais ón dréachtráitis bhliantúla airgeadais le haghaidh dheireadh na bliana 2011 nach raibh iniúchadh déanta orthu . Cuirfear cóip de na ráitis airgeadais bhliantúla ar fáil ar www.ncse.ie nuair a bheidh siad tugtha chun críche, nuair a chríochnófar an iniúchadh.